V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10674 — INTERPARKING SERVIZI / OSR / PARKING LOT JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 168/15)

1. An 11 Aibreán 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Interparking Servizi S.r.l. ("Interparking", an Iodáil), atá faoi úinéireacht Ageas Group,

— Ospedale San Raffaele S.r.l. ("OSR", an Iodáil), atá faoi úinéireacht Gruppo San Donato ("GSD"),

— Trí charrchlós suite i gceantar San Raffaele in Milano, ceann amháin atá faoi úinéireacht OSR agus an dá cheann eile faoi úinéireacht Universita Vita-Salute San Raffaele agus MM S.pA (an "Sprioc", Milano).

Gheobhaidh Interparking agus OSR comhrialú ar an Sprioc trí bhíthin comhfhiontar nuachruthaithe (an "comhfhiontar"), de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Is trí cheannach scaireanna i gcuideachta nuabhunaithe, ar cuideachta í atá ina comhfhiontar, atáthar ag déanamh an chomhchruinnithe, sin agus trí cheannach sócmhainní.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá Interparking gníomhach i mbainistiú carrchlós táille san Iodáil. Is é Ageas Group a rialaíonn Interparking, ar grúpa é arb é a dhéanann sé go príomha seirbhísí árachais saoil agus cineálacha árachais eile a chur ar fáil do chustaiméirí aonair, do chustaiméirí gnó agus do chustaiméirí institiúideacha, agus ar grúpa é atá gníomhach san Eoraip agus san Áise,

— Is Institiúid Eolaíoch Ospidéalaithe agus Cúraim é OSR, ar cuid de Gruppo San Donato é, grúpa ospidéal príobháideach san Iodáil,

— Is éard atá sa Sprioc (i) carrchlós eas-sráide agus sócmhainní gaolmhara atá suite in Milano, sa cheantar in aice le hOspidéal San Raffaele, atá faoi úinéireacht OSR faoi láthair agus atá faoi bhainistiú tríú páirtí, mar aon le (ii) dhá charrchlós ("P6 agus P7") atá suite sa cheantar céanna, agus atá faoi úinéireacht Universita Vita-Salute San Raffaele agus MM S.pA, agus atá faoi bhainistiú OSR.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i ndáil le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara gur cás é seo ab fhéidir a chóireáil faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10674 — INTERPARKING SERVIZI / OSR / PARKING LOT JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.